LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying





# 2020
# Brústocaireacht a Rialáil Tuarascáil Bhliantúil

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

| | |
|---|---|
| Teileafón: | (01) 639 5722 |
| Ríomhphost: | info@lobbying.ie |
| Suíomh gréasáin: | www.lobbying.ie |
| Twitter: | @LobbyingIE |

ISSN: 2009-9363

Deartha ag Wonder Works

# Clár

| | |
|---|---|
| **Réamhrá ón gCathoirleach** | **4** |
| **An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí** | **5** |
| **Ráiteas an Cheannasaí um Eitic agus Rialachán Stocaíochta** | **7** |
| **Caibidil a hAon - Clárúcháin agus Tuairisceáin** | **10** |
| **Caibidil a Dó - Oibríochtaí** | **14** |
| **Caibidil a Trí - Cumarsáid agus Teagmháil** | **24** |
| **Caibidil a Ceathair - Príomhcheisteanna sa bhliain 2020 agus na Chéad Chéimeanna Eile** | **28** |
| **Caibidil a Cúig - Moltaí i gcomhair Athraithe** | **32** |
| **Aguisín - Staitisticí** | **38** |

# Réamhrá ón gCathoirleach

De réir fhorálacha alt 25(1) *den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar Rialáil na Stocaireachta sa bhliain 2020 a chur faoi bhráid Tithe an Oireachtais.



Faigheann an Breitheamh Garrett Sheehan a shéala oifige ón Uachtarán Míchéal D. Ó hUigín, an 9 Nollaig 2020.

Ba mhór an chabhair é gur clár iomlán ar líne é Clár na Stocaireachta chun a chur ar chumas an Choimisiún leanúint lena chuid gníomhaíochtaí oibre rialta de réir an Achta d'ainneoin na fadhbanna mar thoradh an COVID-19. D'fhoilsigh an Coimisiún ábhar treorach nua freisin, d'eisigh sé roinnt cinntí reachtúla, rinne sé clár teagmhála ar líne, agus lean sé lena chuid gníomhaíochtaí maidir leis an imscrúdú agus leis an bhforfheidhmiú. Tugann an Coimisiún aird ar obair eisceachtúil na Rúnaíochta i rith na tréimhse seo.

Cuireann an Coimisiún fáilte roimh fhógra an Rialtais i Meán Fómhair na bliana 2020 go bhfuil sé beartaithe aige an tAcht a athbhreithniú, go háirithe an chuid a dhéileálann leis na forálacha iarfhostaíochta a mbaineann le catagóirí áirithe oifigeach poiblí.

Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Sherry Perreault agus leis an Rúnaíocht as a gcuid oibre crua le linn na bliana dúshlánaí seo caite.



**Garrett Sheehan**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2021

# An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a bunaíodh i mí na Nollag 2001 ag an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001*. Sa bhliain 2020, ba iad seo a chuid comhaltaí:

- An Breitheamh Daniel O'Keeffe, Cathaoirleach (go dtí an 10 Feabhra 2020);
- An Breitheamh Garrett Sheehan, Cathaoirleach (ón 9 Nollaig 2020);
- Seamus McCarthy, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Peter Tyndall, Ombudsman;
- Peter Finnegan, Cléireach Dáil Éireann;
- Martin Groves, Cléireach Seanad Éireann;
- Jim O'Keeffe, iarbhall Dáil Éireann (go dtí an 10 Feabhra 2020); agus
- Geraldine Feeney, iarbhall Seanad Éireann (ón 9 Nollaig 2020).

I mí Feabhra na bliana 2020, tháinig deireadh le téarmaí sé bliana an Chathaoirligh O'Keeffe agus Jim O'Keeffe.

I mí Nollag na bliana 2020, cheap an tUachtarán Michael D. Higgins an Breitheamh Garrett Sheehan, iar-bhreitheamh den Chúirt Achomhairc, mar Chathaoirleach an Choimisiúin. An lá céanna, ceapadh Geraldine Feeney Uas., iarbhall Seanad Éireann, mar ghnáthchomhalta. Mairfidh an dá cheapachán ar feadh téarma sé bliana.

Cuireann Oifig an Ombudsman Rúnaíocht ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Tá róil mhaoirseachta ag an gCoimisiún de réir cheithre phíosa reachtaíochta ar leith:

- An *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995*, arna leasú leis an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001*, (na hAchtanna um Eitic);
- An *tAcht Toghcháin 1997*, arna leasú, (na hAchtanna Toghcháin);
- An *tAcht Oireachtais (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014*; agus
- An *tAcht um Rialáil Brústocaireachta 2015*.

Tá ról ag an gCoimisiún chomh maith maidir le neamhchomhlíonadh féideartha de réir Chuid 15 den *Acht Rialtais Áitiúil 2001* a scrúdú.

Eisíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar leith maidir lena chuid gníomhaíochtaí riaracháin i leith na reachtaíochta eile laistigh dá chúram.

# Ráiteas an Cheannasaí um Eitic agus Rialachán Brústocaireachta



**Sherry Perreault**
Ceannasaí um Eitic agus Rialacháin Brústocaireachta

Mar adúirt duine níos cliste ná mise, ní fhéachfaidh éinne inár measc siar ar a leithéid bliana mar 2020 "le haoibhneas gan scáth". Nuair a d'fhoilsíomar ár dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2019 i mí an Mheithimh seo caite, bhíomar ag obair go cianda cheana féin, agus gan tuiscint againn go mbeimis fós á dhéanamh bliain eile ar aghaidh. Mar sin féin, thug an bhliain seo caite léargas neamhghnách dúinn ar thábhacht agus ar thionchar na brústocaireachta inár bpróisis chinnteoireachta.

Bhí ról tábhachtach ag an brústocaireacht i gcónaí maidir le bonn eolais a chur faoi athrú na reachtaíochta, cruthú na mbeartas, forbairt na gclár agus cinntiú na maoinithe chomh maith leis an tionchar a imirt orthu. Tá tionchar urghnách na paindéime seo ar fhormhór na réimsí dár saol le feiceáil freisin ar Chlár na Brústocaireachta. Spreag sé leibhéal brústocaireacht nach bhfacthas riamh i mbeagnach gach réimse polasaí an Stáit - baineann brústocaireacht an Covid 19 anois le cúram sláinte, forbairt eacnamaíoch, caitheamh aimsire agus spórt, tacaíochtaí sóisialta, sláinte mheabhrach agus go leor réimsí eile. Tá gnóthais, grúpaí abhcóideachta agus comhlachais a bhfuil cur isteach ag an bpaindéim orthu ag iarraidh tionchar a imirt ar chinntí maidir le srianta, tacaíocht maoinithe agus soláthar. Músclaíodh daoine agus eagraíochtaí nach raibh baint acu le brústocaireacht riamh, agus thug sé fócas nua dóibh siúd a rinne amhlaidh le blianta. Níos tábhachtaí fós, léiríonn sé ní amháin an tábhacht a bhaineann leis an brústocaireacht, ach an gá atá leis an trédhearcacht ina leith. Agus an oiread sin daoine ag dul i dteagmháil le hoifigigh phoiblí chun tacú le toradh áirithe, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis faoin gcaoi a bhfuil a leithéid de chinntí á ndéanamh. Sé luach an Chláir Bhrústocaireachta ná go gcuireann sé faisnéis chuimsitheach thráthúil ar fáil, agus tá sé mar phríomhchuspóir ag an gCoimisiún ná an comhlíontacht ina leith a choinneáil ar leibhéal ard.

Tá léargas ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir le rialú na stocaireachta le linn na bliana 2020 ar fáil sa thuarascáil bhliantúil seo. Tháinig méadú beagnach 7% ar líon iomlán na gcláraithe agus tháinig méadú suntasach ar líon na dtuairisceán a d'fhéadfaí a chur i leith na paindéime. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i g**Caibidil a hAon** den tuarascáil seo.

Cé go leanaimid orainn ag cur an béim ar oideachas agus ar an gcomhlíontacht in ionad na forfheidhmithe, rinne an Coimisiún roinnt imscrúduithe agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe i rith na bliana, agus d'eisigh sé roinnt cinntí maidir le hiarratais ar tharscaoileadh iarfhostaíochta a bhain leis an olltoghcháin. Tá tuilleadh sonraí faoi ghníomhaíochtaí oibríochta an Choimisiúin leagtha amach i g**Caibidil a Dó**.

Déanann **Caibidil a Trí** tuarascáil ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus teagmhala a rinneadh sa bhliain 2020 chun comhlíontacht a spreagadh trí eolas agus feasacht ar na hoibleagáidí reachtúla de réir an Achta a chur chun cinn. Athrú dearfach amháin a tháinig as ár dtimpeallacht nua oibre is ea an aistriú go dtí rochtain ar líne, rud a cheadaíonn tuilleadh rannpháirtíochta geografaí agus níos mó daoine ag freastal ar na seisiúin fhíorúla. Is ceacht tábhachtach é seo dúinn agus sinne ag pleanáil saol iarphaindéimeach na hoibre.

Cuireann **Caibidil a Ceathair** anailís ar phríomhcheisteanna na bliana 2020 ar fáil. Is léir go ndéantar plé níos doimhne ar thionchar an COVID ar staid ár gcuid oibre agus ar stocaireacht níos fairsinge araon, chomh maith leis an athbhreithniú reachtach atá ar feitheamh i leith an Achta.

Mar fhocal scoir, leagtar amach i g**Caibidil a Cúig** liosta iomlán na moltaí maidir le hathrú ar an Acht a bhí fós gan réiteach tráth a fhoilsithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann Rúnaíocht an Choimisiúin as a gcuid oibre dian le bliain anuas, in ainneoin na n-imeachtaí corracha. Is mór ag an gCoimisiún agus agam féin a gcuid dúthrachta agus a gcuid gairmiúlachta.



# Caibidil a hAon:

Clárúcháin agus Tuairisceáin

# Caibidil a hAon

# Clárúcháin agus Tuairisceáin

Caithfidh iad siúd i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta, nó a bhfuil sé ar intinn acu amhlaidh, clárú leis an gCoimisiún. Ina dhiaidh sin, éilítear ar chláraithe tuairisceáin ar gcuid gníomhaíochtaí stocaireachta a chur isteach maidir le trí thréimhse tuairiscithe gach bliain, siad sin: 1 Eanáir - 30 Aibreán, 1 Bealtaine - 31 Lúnasa agus 1 Meán Fómhair - 31 Nollaig. Ní mór tuairisceáin a chur isteach 21 lá ar a dhéanaí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 1.1 Cláraithe nua

Tá treoir maidir leis an "**Tástáil Trí Chéim**", a ligeann do chláraithe ionchasacha a chinneadh ar cheart cumarsáid a rinne siad a thuairisc ar an gclár, ar fáil ar an suíomh Gréasáin **Lobbying.ie**. Chomh luath agus a chinneann siad clárú a dhéanamh, déanann an Coimisiún athbhreithniú ar gach clárúchán nua lena chinntiú go gcaithfidh an duine sin clárú agus go ndearna siad amhlaidh i gceart. I gcás gur chláraigh duine trí dhearmad, scriosfaidh an Coimisiún an clárú agus aon tuairisceáin a ghabhann leis.

Seoltar litir chuig gach cláraí nua, a dhíríonn ar spriocdhátaí na tréimhse tuairiscithe, ar na cleachtais is fearr a mholtar maidir leis an gcuntas a riar agus ar sonraí na bhforálacha forfheidhmithe atá ann i gcás neamhchomhlíontachta.

Le linn na bliana 2020, fuair an Coimisiún 183 chlárúchán nua. I rith na bliana, fuarthas go raibh 49 cláraithe trí dhearmad agus scriosadh a gcuid clárúcháin.

Ba é líon iomlán na ndaoine a bhí cláraithe mar stocairí ag deireadh na bliana 2020 ná 2,085.

## 1.2 Tuairisceáin ghníomhaíochtaí stocaireachta

Tráth an tuarascáil seo a cur i gcrích, cuireadh isteach níos mó ná 11,600 tuairisceán ghníomhaíochtaí stocaireachta maidir leis na trí thréimhse tuairiscithe sa bhliain 2020. Is féidir leis an líon seo athrú le himeacht ama, de réir mar a dhéantar tuairisceáin dhéanacha ar an gcóras i leith na bliana 2020 . Léiríonn na graif (**Aguisín**) líon na dtuairisceán a fuarthas i leith gach tréimhse ábhartha agus na "nithe ábhartha" agus réimsí na mbeartas is mó a bhí tóir orthu sna tuairisceáin.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tuairisceán brústocaireachta a cuireadh isteach sa bhliain 2020 chun a fhíorú gur chomhlíon siad alt 12 den Acht, go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil soiléir agus fónta agus gur soláthraíodh í ar an modh agus sa chruth chuí. Nuair a thagann botúin nó sáruithe an Achta chun solais, téann an Coimisiún i dteagmháil leis an gcláraí chun tabhairt faoin gceist.

Má tá tuairim ag an gCoimisiún go bhfuil faisnéis maidir le gníomhaíochtaí stocaireachta mícheart, míthreorach nó nach bhfuil an dóthain sonraí inti, is féidir leis an gCoimisiún úsáid a bhaint as a chuid cumhachtaí de réir alt 13 chun an tuairisceán a bhaint nó a iarraidh á cheartú, de réir mar is cuí. De ghnáth, freagraíonn cláraithe go pras nuair a iarrtar orthu a dtuairisceáin a leasú nó tuilleadh faisnéise a chur ar fáil ina leith. Sa chás go mbaintear tuairisceán, measfar nach ndearna an cláraí an tuairisceán ar an gcéad dul síos agus go bhfuil rioscaí neamhchomhlíontachta ann. Rinne an Coimisiún 417 iarratas ar bhreis faisnéise sa bhliain 2020. I ngach cás, cuireadh an fhaisnéis riachtanach ar fáil agus thángthas ar réiteach ar aon cheist a tháinig chun cinn. Dá réir sin, ní raibh cás ar bith ann nuair a chuaigh an Coimisiún ar aghaidh le tuairisceán a bhaint sa bhliain 2020 toisc nár cuireadh an fhaisnéis a iarradh ar fáil.

## 1.3 Uasdátú ar an gclár sa bhliain 2020

Déantar an clár ar líne a athbhreithniú go rialta, ó thaobh an úsáideora agus an riarthóra de araon, lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

In 2020, aithníodh roinnt uasdátuithe chun feidhmiúlacht an chláir a fheabhsú. Críochnaíodh na hathruithe seo i chéad ráithe na bliana 2021. Ina measc tá cumas nua chun meabhrúcháin tuairisceáin a sheoladh chuig na húsáideoirí chomh maith le riarthóirí na gcuntas, agus réimse cuardaigh nua maidir le ainm cuideachta breise ('ag trádáil freisin mar') a úsáid chun cumas cuardaitheacht an chláir a fheabhsú.

Is féidir tuilleadh uasdátuithe a dhéanamh amach anseo nuair is gá.



# Caibidil a Dó:

## Oibríochtaí

# Caibidil a Dó
# Oibríochtaí

De réir alta 25(2) den Acht, caithfear an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil sa tuarascáil seo:

- gach cinntiú de réir alta 14 a rinneadh nó a bhí i bhfeidhm an bhliain sin (iarratais ar fhoilsiú moillithe);
- gach imscrúdú a rinneadh de réir alta 19 agus a tugadh i gcrích an bhliain sin;
- gach iarratas ar thoiliú a rinneadh de réir alta  22 (srianta iarfhostaíochta) agus gach cinneadh ar a leithéid d'iarratas , a rinneadh sa bhliain;
- gach ciontú i leith cionta de réir alta 20 sa bhliain sin; agus
- gach fógra íocaíochta seasta (FPN) a seirbheáladh de réir alta 21 sa bhliain sin.

Caithfear an fhaisnéis seo a chur ar fáil sa chaoi is nach féidir na daoine atá i gceist a aithint.

## 2.1 Iarratais ar fhoilsiú moillithe

De réir alta 14 den Acht, is féidir le héinne iarratas a dhéanamh chun moill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá san iarratas ar ghníomhaíochtaí stocaireachta a chlárú nó ar filleadh orthu, ar chúiseanna ar leith. Tá ról an Choimisiúin maidir lena leithéid d'iarratas leagtha amach san **Aguisín** den tuarascáil seo.

Ní dhearnadh aon iarratas i leith filleadh ar an gclár a fhoilsiú de réir alta 14 den Acht sa bhliain 2020.

## 2.2 Scrúduithe de réir an Achta

Tugann alt 19 an t-údarás don Choimisiún scrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an Acht.

Déantar monatóireacht ar ghníomhaíocht brústocaireachta neamhchláraithe trí fhaisnéis a fháil ó fhoinsí oscailte, ar nós ailt sna meáin, fógraí sna meáin shóisialta agus an reachtaíocht atá beartaithe, ó ghearáin agus faisnéis a fhaigheann an Coimisiún, nó ó fhaisnéis atá ar an gclár féin.

Tugadh naoi n-imscrúdú ar brústocaireachta féideartha neamhthuairiscithe nó neamhchláraithe ar aghaidh ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2020, agus tosaíodh ar trí imscrúdú eile i rith na bliana. Dhún an tAonad Gearán agus Imscrúduithe 11 imscrúdú le linn na bliana 2020 agus, nuair ba chuí é, chuir sé tuarascálacha imscrúduithe ar fáil le breithniú a dhéanamh orthu ag an gCoimisiún. Bhí imscrúdú amháin ar siúl fós ag deireadh na bliana.

Chinn an Coimisiún ceithre chás a ionchúiseamh ar leithligh - dhá cheann toisc nár cuireadh an tuairisceán isteach roimh an spriocdháta reachtúil, agus dhá cheann i leith cionta eile, a cúisíodh faoi alt 20(2) den Acht. In dhá chás, baineadh comhlíontacht amach ina dhiaidh sin agus tharraing an Coimisiún an t-ionchúiseamh siar. I gcás amháin, tharraing an Coimisiún ionchúiseamh siar tar éis dó ceisteanna a aithint maidir le na cúinsí a bhain le clárú an chuntais. Bhí ionchúiseamh amháin fós os comhair na gcúirteanna ag deireadh na bliana 2020.

## 2.3 Iarratais ar chead chun srianta iarfhostaíochta a scaoileadh/a laghdú

Foráiltear de réir alta 22 den Acht go mbeidh Airí, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus oifigigh phoiblí shinsearacha a leagtar amach chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir tréimhse "athshainithe" bliana tar éis dóibh éirí as oifig, lena linn nach féidir leo dul i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcásanna ar leith, nó a bheith fostaithe ag éinne, nó seirbhísí a chur ar fáil d'éinne a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcásanna ar leith, ach amháin le cead á fháil acu ón gCoimisiúin.

Is féidir le héinne atá faoi réir na tréimhse suaimhnithe iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún go laghdófar nó go scaoilfear leis an tréimhse suaimhnithe. Tá tuilleadh faisnéise maidir le forálacha alt 22 agus ról an Choimisiúin ina leith leagtha amach san **Aguisín** den tuarascáil seo.

Sa chás nach bhfuil oibleagáidí duine de réir alta 22 i gceist, níl aon gá leo cead a lorg. Is féidir cead a lorg tráth ar bith le linn na tréimhse suaimhnithe. Má dhiúltaítear iarratas ar phost ar leith, níl aon chosc ar an duine iarratas a dhéanamh arís maidir le ról eile.

Ba mar thoradh ar olltoghchán mí Feabhra na bliana 2020 é ná go raibh go leor iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe (OPA) ag lorg malairt fostaíochta nuair a tháinig an rialtas nua i réim i mí Mheithimh na bliana 2020. Bhí fostaíocht á lorg ag cuid de na OPAnna sin i bpoist a raibh cead an Choimisiúin ag teastáil uathu maidir le scaoileadh le tréimhse an tsuaimhnis nó á laghdú. Mar thoradh air sin, cuireadh isteach sa bhliain 2020 an líon is mó iarratas de réir alta 22 den Acht um Rialáil Brústocaireachta 2015 - ocht gcinn san iomlán. Tháinig gach iarratas a fuarthas le linn na bliana ó iarchomhairleoirí speisialta.

Mar sin féin, bhí dhá chás ann inar tháinig an Coimisiún ar an eolas faoi iar-OPAnna ar cheart dóibh, dar leis an gCoimisiún, cead a lorg chun dul i mbun fostaíochta áirithe. Rinne an Coimisiún fiosrúcháin ar na daoine seo agus, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó, tháinig sé ar intinn gur cheart an cead a lorg. Ní raibh aon dochar sa tuairim seo an dtabharfaí cead dá n-iarrfaí é.

Cé go gcuireann forálacha alta 22 dualgais reachtúla, mar atá luaite thuas, orthu siúd lena mbaineann níl aon chumhachtaí faoin Acht ag an gCoimisiún sáruithe ar na forálacha seo a scrúdú nó a ionchúiseamh. Níl aon toradh ann ar neamhchomhlíontacht. D'iarr an Coimisiún arís agus arís eile go leasófaí an tAcht chun cion a dhéanamh as má theipeann ar éinne a chuid dualgais reachtúla a chomhlíonadh maidir le hiarfhostaíocht. Gan aon cumhachtaí iomchuí a bheith ann maidir le scrúdú agus forfheidhmiú, ní ach deonach iad forálacha seo den Acht agus níl tábhacht dáiríre leo. Molann an Coimisiún arís go leasófaí an tAcht dá réir.

Tá ceisteanna suntasacha eile a tháinig chun solais i rith na bliana leagtha amach sna cás-staidéir seo a leanas.

## Cás-Staidéar 1

D'iarr an t-iarratasóir, comhairleoir speisialta i roinn an rialtais, cead ón gCoimisiún maidir le post a ghlacadh le heagraíocht ar an gClár Brústocaireachta. Bhí súil go rachaidh an t-iarratasóir i mbun obair brústocaireachta agus rinne sé iarratas ar scaoileadh iomlán leis an tréimhse suaimhnis dhá mhí dhéag.

Dar leis an gclár, rinne fostóir ionchasach an iarratasóra brústocaireachta cheana féin ar iar-Roinn an iarratasóra. Mar sin féin, ní dhearna an fostóir ionchasach brústocaireacht dhíreach leis an iarratasóir agus é ina chomhairleoir speisialta, ná ní raibh baint ag an iarratasóir le haon chinnteoireacht a dhéanamh ná le haon ábhair a bhain leis an brústocaireacht roimhe sin. Tairgeadh an post don iarratasóir tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch, agus ní bheifí ag súil go nglacfadh sé páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta coiscthe a bhain le hiarfhostóir an iarratasóra nó le haon OPAnna lenar bhain le linn na tréimhse ábhartha. Bhí sé beartaithe go mbunófaí nósanna imeachta iomchuí chun an cheist seo a bhainistiú. Thug an Coimisiún cead chun scaoileadh le tréimhse an tsuaimhneas dhá mhí dhéag, faoi réir roinnt coinníollacha, a dearadh chun seasamh le spiorad agus rún an Achta.

Ní bhfuarthas aon achomharc i leith cinntiú an Choimisiúin.

## Cás-Staidéar 2

Fostaíodh an t-iarratasóir mar chomhairleoir speisialta i roinn an rialtais agus d'iarr sé cead chun post a ghlacadh le heagraíocht atá ar an gClár Brústocaireachta. Bhí sé ag obair sa phost ach ar feadh tréimhse an-ghearr, agus d'oibrigh sé in dhá roinn rialtais éagsúla le linn na tréimhse sin. I ndiaidh dó deireadh a cur lena fhostaíocht, rinne sé iarratas go scaoilfear leis an deich mí a bhí fágtha ina chuid tréimhse suaimhnis.

Cé go raibh an fhostaíocht mar chomhairleoir speisialta gearr, agus nach raibh sí daingnithe go foirmiúil ag an am mar a éilítear do gach comhairleoir, mheas an Coimisiún go raibh an t-iarratasóir i bhfostaíocht íoctha mar chomhairleoir speisialta agus, dá bhrí sin, go raibh feidhm ag alt 22 den Acht agus go raibh gá leis an gcead a fháil.

Deimhníodh nach mbeifí ag súil go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta mar a bhí luaite san Acht nó go dtabharfadh sé comhairle dóibh, agus go gcuirfí na bearta ba chóir i bhfeidhm chun a leithéid de ghealltanais a bhainistiú. Bheifí ag súil go nglacfadh an t-iarratasóir páirt i ngníomhaíochtaí brústocaireachta a mbeadh dírithe ar ranna eile. Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric gur ainmníodh an t-iarratasóir roimhe sin i dtuairisceán, mar aon le go leor OPAnna eile, a chuir an eagraíocht fruilithe isteach, agus nár fostaíodh é trí phróiseas iomaíoch roghnúcháin. Mar gheall ar ré ghearr na fostaíochta mar chomhairleoir speisialta, áfach, mheas an Coimisiún go raibh sé réasúnta an cead a thabhairt dó faoi réir coinníollacha áirithe.

Ní bhfuarthas aon achomharc i leith cinntiú an Choimisiúin.

## Cás-Staidéar 3

Fostaíodh an t-iarratasóir mar chomhairleoir speisialta i roinn an rialtais agus d'iarr sé cead  ón gCoimisiún go scaoilfear le tréimhse iomlán an tsuaimhneas dhá mhí dhéag ionas go mbeadh sé in ann gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh mar pháirtí de chomhpháirtíocht féinfhostaithe


Dúirt an t-iarratasóir nach raibh sé i gceist aige gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh, comhairle a thabhairt ná stiúradh a dhéanamh maidir lena leithéid de ghníomhaíochtaí leis an roinn i gceist ná le iar-OPA ar bith a bhí baint aige leis. Thug an Coimisiún an cead dó faoi réir roinnt coinníollacha, agus d'iarr sé ar an iarratasóir agus ar chomhbhunaitheoir eile na comhpháirtíochta gealltanas a shíniú thar ceann na heagraíochta. Gheall an bheirt acu nach nglacfadh an eagraíocht ná éinne dá cuid stiúrthóirí páirt i bplé, i gcinntí nó i ngníomhaíochtaí a mbainfeadh le gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh, a bhainistiú nó a stiúradh a mbeadh dírithe ar iar-roinn nó ar iar-comhghleacaithe an iarratasóra. Ghlac an t-iarratasóir agus an eagraíocht leis na coinníollacha.

Ní bhfuarthas aon achomharc i leith cinntiú an Choimisiúin.

## 2.4 Cionta faoi alt 20 den Acht

### Tuairisceán déanach maidir le ghníomhaíocht brústocaireachta

Ní mór do chláraí tuairisceán a dhéanamh maidir lena chuid gníomhaíochtaí brústocaireachta, fiú amháin más tuairisceán bán é, faoin spriocdháta reachtúil. Is cion é tuairisceán a dhéanamh tar éis an spriocdháta a fógraíodh. Foráiltear le halt 21 go bhféadfaidh an Coimisiún fógra íocaíochta seasta (FPN) €200 a ghearradh ar éinne a chuireann tuairisceán déanach maidir lena chuid ghníomhaíochtaí brústocaireachta isteach. Má theipeann ar éinne an pionós a íoc laistigh de 21 lá, is féidir leis an gCoimisiún cás a thabhairt os comhair na cúirte i leith an chiona. Beidh éinne a ciontaíodh go hachomair faoi dhliteanas fíneála den Aicme C (€2,500 faoi láthair).




Sa bhliain 2020, chuaigh an Coimisiún i mbun dhá ionchúiseamh i leith cionta faoi alt 20(1) den Acht. Socraíodh an dá ghníomh agus ní dhearnadh aon chiontú.

Tháinig méadú ar líon na FPNanna a ghearradh sa bhliain 2020, agus ba aisiompú é sin ar threocht na bliana roimhe. D'fhéadfadh go mbeadh an méadú mar thoradh ar an gCovid-19. Thosaigh mórán fostaithe ag obair ón mbaile gan tacaíocht á fáil acu ó thimpeallacht na hoifige. Luaigh roinnt cláraithe gur cúis é seo le tuairisceáin dhéanacha a dhéanamh i rith na bliana agus FPNanna á ngearradh orthu dá dheasca. Tugann an Coimisiún dá aire an feabhas a tháinig ar chomhlíontacht de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh agus eagraíochtaí ag athrú a gcuid oibríochtaí mar fhreagra ar an timpeallacht nua.

Chuir an Coimisiún 26 FPN ar ceal in 2020 freisin, i gcásanna maidir le:

- fadhb theicniúil de chuid Lobbying.ie ag cur isteach ar chumas an chláraí a thuairisceán a dhéanamh in am;
- botún riaracháin inar chuir an duine macasamhail den tuairisceán isteach de thimpiste don tréimhse mhícheart; agus/nó
- nach raibh ar an duine clárú agus chláraigh sé trí dhearmad.

## Cionta eile

I measc sáruithe eile ar an Acht tá teip ar chlárú, teip ar thuairisceán a thabhairt, teip ar chomhoibriú le himscrúdú ar an gCoimisiún nó le ordú ó oifigeach údaraithe, agus faisnéis mhíchruinn, bhréagach nó mhíthreorach a chur ar fáil don Choimisiún d'aon ghnó. Is féidir leis an gCoimisiún aon cheann de na cionta seo a ionchúiseamh faoi alt 20(2) den Acht. Is féidir leis na cionta a ionchúiseamh go hachomair nó ar díotáil. Gearrtar fíneáil uasta €2,500 ar an duine, má chiontaítear go hachomair é. Má chiontaítear ar díotáil é , is féidir fíneáil neamhtheoranta agus príosúnacht dhá bhliain ar a mhéad a ghearradh air.

I ndáiríre, is minice a dhéanann an Coimisiún ionchúiseamh ná i gcásanna inar theip ar an gcláraí tuairisceán a dhéanamh.

Eisíonn an Coimisiún fógra i leith ciona d'aon chláraí nár éirigh leis tuairisceán a dhéanamh faoin spriocdháta, agus tugtar coicís bhreise dó tuairisceán ar a chuid ghníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach. Má theipeann air arís an tuairisceán a chur isteach faoin dáta nua sin, is féidir leis an gCoimisiún an cion a ionchúiseamh faoi alt 20(2).

Sa bhliain 2020, d'eisigh an Coimisiún 150 fógra ag cur in iúl do chláraithe go raibh sé ar intinn aige ionchúiseamh a dhéanamh muna gcuirfí tuairisceán dá gcuid ghníomhaíochtaí brústocaireachta ar ais. I roinnt cásanna, ní raibh gá leis an gcláraí a bheith ar an gclár, toisc go raibh siad, agus/nó go raibh an chumarsáid a rinneadh, lasmuigh de scóip an Achta. Sna cásanna seo, ceartaíodh an clár agus scriosadh tuairisceán nó clárú an duine lena bhain. I ngach cás eile, seachas ceann amháin a atreoraíodh le haghaidh ionchúisimh, chomhlíon an cláraí a chuid oibleagáidí agus níor leanadh leis an gcás.

### Fógraí a eisíodh le linn na bliana 2020 mar gheall ar theip ar thuairisceán a chur isteach

| Líon na bhFógraí maidir le halt 20(2) a eisíodh sa bhliain 2020 | I leith tréimhsí fillte na bliana 2020 | I leith tréimhsí fillte na bliana 2019 | Atreoraithe le haghaidh ionchúisimh |
|---|---|---|---|
| 150 | 111 | 39 | 1 |

Leanann an Coimisiún ag spreagadh na comhlíontachta ar an gcéad dul síos. Laghdaigh teagmháil agus cumarsáid éifeachtach go moch le brústocairí cláraithe líon na gcomhad a atreoraíodh lena n-ionchúiseamh gach bliain. Ní nach ionadh, is iondúil go gcomhlíonann a bhformhór a gcuid oibleagáidí nuair a dhéanann an tAonad Gearán agus Imscrúduithe teagmháil leo.

Ní bhíonn an Coimisiún chomh trócaireach sin maidir le brústocairí a ngníomhaíonn gan clárú, a dteipeann orthu na tréimhsí fillte a chomhlíonadh arís agus arís eile agus/nó a theipeann ar éilimh an Coimisiún a chomhlíonadh nó ar theagmháil a dhéanamh leis. Maidir lena leithéid de chásanna, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le próiseas an ionchúisimh.

Leanann líon na bhfógraí a eisíonn an Coimisiún, maidir le tuairisceáin dhéanacha agus neamh-thuairiscithe, ag laghdú bliain i ndiaidh bliana. Léiríonn sé seo arís an toradh ar an am a infheistítear chun comhlíontacht a spreagadh, agus ar na hiarrachtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le cláraithe áirithe nó lena gcuid cumarsáid a bheith ar an gclár ar an gcéad dul síos. Mar thoradh ar an gcur chuige seo, cinntítear go gcaitear níos lú ama agus acmhainní ar thóir na neamh-chomhlíontachta.

## 2.5 Faisnéis i leith Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar láithreáin ghréasáin na gcomhlachtaí poiblí

De réir an Achta, caithfidh gach comhlacht poiblí a cheaptar faoi alt 6(4) den Acht liosta uasdátaithe dá cuid OPAnna a fhoilsiú. Tá naisc leis na leathanaigh seo ar fáil ar ár suíomh Gréasáin **Lobbying.ie** maidir leis na comhlachtaí poiblí a cheaptar faoin Acht.

Roimh dheireadh gach tréimhse fillte, iarrtar ar chomhlachtaí poiblí an liosta a sheiceáil agus, más gá, a uasdátú maidir le ainm, grád agus mionsonraí gairide gach OPA atá forordaithe don chomhlacht a thaispeáint. Iarrtar orthu chomh maith aon fhaisnéis a baineann le meithleacha oibre nó le tascfhórsaí atá ag feidhmiú faoina choimirce a dhearbhú agus a uasdátú.

I mí Eanáir na bliana 2020, rinne an Coimisiún teagmháil le gach comhlacht poiblí a raibh OPAnna acu chun a fhíorú go raibh a gcuid faisnéise uasdátaithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Go raibh leathanach Rialála Brústocaireachta ag gach comhlacht lena bhain;
- Gur fhoilsíodh ainm agus seasamh na ndaoine a bhí ar an leathanach; agus
- Go raibh an fhaisnéis ábhartha ag gach comhlacht ar a shuíomh Gréasáin maidir le **Cód na Trédhearcachta** i leith aon ghrúpa a bhí ag obair faoina choimirce.

Chinntigh an Coimisiún freisin go raibh na naisc lena shuíomh Gréasáin féin cruinn agus in eagar.

Tháinig freagra dóchasach as an suirbhé. Fuair an Coimisiún amach go raibh leathanach gréasáin ar leith ag gach comhlacht poiblí lena bhain ag cur liosta a chuid OPAnna ar fáil chomh maith leis an bhfaisnéis ar leith a bhain lena gcuid post. D'fhoilsigh gach comhlacht a raibh grúpa aige a bhí ag feidhmiú de réir Cód na Trédhearcachta an fhaisnéis a bhain leo ar a leathanach um Rialáil Stocaireachta.

Tugann an Coimisiún faoi deara, áfach, gur beag iad na gcomhlachtaí atá ag cloí le Cód na Trédhearcachta. Léirigh scrúdú ar roinnt grúpaí comhairleacha a bhfuil tuairisc a dhéanamh acu do ranna rialtais éagsúla nach raibh ach 40% ag comhlíonadh go hiomlán le gach ceann de hocht riachtanas Cód na Trédhearcachta.

Tá roinnt grúpaí comhairleacha dá leithéid ag na húdaráis áitiúla chomh maith, ina measc siúd na coistí um a mbeartas straitéiseacha, áit ar go n-iarrfaí ar roinnt den bhallra clárú muna gcloíonn an grúpa le Cód na Trédhearcachta. As na 31 údarás áitiúil sa Stát, ní raibh ach sé cinn acu ag comhlíonadh go hiomlán. Molann an Coimisiún go gcloífeadh na comhlachtaí seo le Cód na Trédhearcachta. Trína leithéid a dhéanamh, chomhlíonfadh na cumarsáidí a dhéantar le linn obair na gcomhlachtaí comhairleacha seo an díolúine atá leagtha amach san Acht. Muna bhfuil cumarsáid stocaireachta eile á ndhéanamh acu ar leith, ní bheadh ar bhaill na ngrúpaí clárú.

## 2.6 Tuarascálacha ar fhaisnéis mhíchruinn

Cuireann alt 10(5) den Acht an deis ar fáil d’éinne aon fhaisnéis mhíchruinn, as dáta nó míthreorach ar an gclár a bhaineann leo a chur in iúl don Choimisiún. Bhain roinnt daoine an míniú as an bhforáil sin ná go bhféadfaidís gearáin a dhéanamh faoi chruinneas tuairisceáin ar bith cibé ar bhain nó nár bhain sé leo.

Cé go gcuireann an Coimisiún fáilte roimh aon eolas i leith cheist ar bith a baineann le comhlíontacht an Achta, bhraith sé go raibh gá le tuilleadh treorach maidir leis an bhforáil seo den Acht. Dá réir sin, d’fhoilsigh an Coimisiún fógra faisnéise nua sa bhliain 2020, ar a dtugtar ***Conas faisnéis mhíchruinn a thuairisciú***.

Cé nach bhfuil aon oibleagáidí reachtúla ar OPAnna faoin Acht, tá ról tábhachtach acu maidir le héifeachtacht oibriú an Achta. Chuir an Coimisiún seicliosta nua le chéile atá dírithe ar OPAnna dar teideal ***Na deich rud is tábhachtaí a chaithfidh OPAnna a bheith ar an eolas faoin brústocaireacht***. Sé aidhm an liosta seo ná cabhair a thabhairt do OPAnna a ndearnadh brústocaireacht orthu, nó a bhfuil ag súil le go ndéanfar a leithéid orthu amach anseo. Insíonn sé dóibh na cleachtais is fearr d’OPAnna agus iad ag déileáil le brústocairí, m.sh. conas an brústocaireacht a aithint, agus na dea-chleachtais maidir le taifid a choimeád. Cuireann sé naisc fónta ar fáil freisin le tuilleadh faisnéise. Chomh maith lena fhoilsiú ar suíomh gréasán Brústocaireachta, scaip an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an seicliosta chuig ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais lena thabhairt amach do na OPAnna ina gcuid eagraíochtaí.



# Caibidil a Trí:

## Cumarsáid agus Teagmháil

# Caibidil a Trí
# Cumarsáid agus Teagmháil

## 3.1 Gníomhaíochtaí Teagmhála

Leanann an Coimisiún ag glacadh deiseanna chun tuiscint ar an Acht agus a chuid oibleagáidí a chur chun cinn, ionas go dtabharfar tacaíocht do chomhlíontacht éifeachtúil agus ionas go roinnfear dea-chleachtais. Le teacht na paindéime agus na socruithe maidir leis an gcianobair i mí an Mhárta, aistríodh gníomhaíochtaí na teagmhála go dtí ardáin ar líne.

Cé gur tháinig siad mar thoradh ar an ngéirchéim, tuigeann an Coimisiún go gceadaíonn na seisiúin ar líne ionadaíocht gheografach níos fairsinge agus tuilleadh rannpháirtithe a bheith i láthair mar gheall ar na costais a spáráil. Is dóigh go leanfar leo mar uirlis teagmhála thábhachtach sa timpeallacht iar-phaindéimeach.

Is bealach éifeachtúil é Twitter chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne agus leo siúd agus leis na heagraíochtaí siúd a bhfuil oibleagáidí orthu nó a bhféadfadh oibleagáidí a bheith orthu maidir le clárú agus tuairisceáin a dhéanamh de réir an Achta.

### Eanáir

- Cruinniú leis an bhfoireann um Clár Stocaireacht Pharlaimint na hAlban.

### Feabhra

- Cruinniú le hionadaithe cláraí san earnáil phríobháideach chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid clár oiliúna maidir le reachtaíocht na stocaireachta.

### Márta

- Comhdháil glao-chruinnithe le geallsealbhóirí i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Caidrimh Phoiblí na hÉireann (ICPÉ).

### Bealtaine

- Cruinniú comhairliúcháin le baill de Chlár Trédhearcachta na Fionlainne maidir leis an reachtaíocht stocaireachta atá beartaithe san Fhionlainn.
- Bhuail An Ceannasaí um Eitic agus Rialacháin Brústocaireachta le comhairleoir Astrálach atá staidéir á dhéanamh aige maidir le rialáil na brústocaireachta i dtíortha eile.

### Lúnasa

- Bhí An Ceannasaí um Eitic agus Rialacháin Brústocaireachta ina aoichainteoir ag comhdháil Ollscoil Turku na Fionlainne maidir le rialáil brústocaireachta.

### Meán Fómhair

- Comhdháil bhliantúil ar líne de chuid Líonra Rialtóirí Brústocaireachta na hEorpa (ELRN).

### Samhain

- Ócáid "teach oscailte" ar líne a bhí dírithe ar chláraithe nua agus ionchasacha maidir le rialáil na brústocaireachta.
- Ghlac An Ceannasaí um Eitic agus Rialacháin Brústocaireachta páirt i bplé painéil ar rialáil na brústocaireachta, arna eagrú ag Transparency International na hEastóine.

### Nollaig

- Comhdháil bhliantúil ar líne na Comhairle um Dlíthe Eitice Rialtais (COGEL).
- Comhdháil Idirnáisiúnta in aghaidh Éillithe - Ghlac An Ceannasaí um Eitic agus Rialáil Brústocaireachta páirt i bplé painéil i leith chóras dhigiteacha atá dírithe ar an trédhearcacht a mhéadú.
- Léiriú ar líne d'oifigigh pharlaiminteacha na Laitvia atá staidéir ar an bhrústocaireacht á dhéanamh acu.



# Caibidil a Ceathair:

## Príomhcheisteanna sa bhliain 2020 agus na Chéad Chéimeanna Eile

# Caibidil a Ceathair

# Príomhcheisteanna sa bhliain 2020 agus na Chéad Chéimeanna Eile

## 4.1 Paindéim an Covid-19

Mar thoradh ar theacht na paindéime Covid-19 i mí Márta na bliana 2020, chinn an rialtas beartais dianghlasála a chur i bhfeidhm ar gach earnáil de shaol na hÉireann. Tháinig oibriú cianda mar ghnáthnós do go leor earnálacha poiblí agus príobháideacha, dúnadh na tionscail fáilteachais agus siamsaíochta, cuireadh srianta ar an tógáil, gearradh siar ar thaisteal neamhriachtanach, agus rinneadh iarracht ar sheirbhísí riachtanacha a chothabháil agus a gcuid oibrithe á gcosaint. Bhí ar bheartais agus cláir nua an rialtais a thionscnamh laistigh d'amlínte fíor-ghearr. Tugadh isteach nó leasaíodh reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhí ag teacht chun cinn. Cuireadh conarthaí i bhfeidhm chun earraí riachtanacha a fháil. Cuireadh maoiniú ar fáil do thionscail agus do dhaoine nua-dífhostaithe chun déileáil le tionchair na géarchéime eacnamaíche.

Chuaigh gnólachtaí, comhlachtaí ionadaíocha agus grúpaí abhcóideachta i mbun brústocaireachta fairsing agus cinntí beartais nó tacaíochta airgeadais á lorg acu. Bhí go leor díobh siúd a bhí ag brústocaireacht cláraithe cheana féin; bhí an chuid eile acu ag glacadh páirt sa brústocaireacht don chéad uair. Tá an gá le trédhearcacht - chun a thaispeáint cé atá ag iarraidh tionchar a imirt ar chinntí agus ar chinnteoirí - níos tábhachtaí ná riamh.

Tógadh an Clár mar chóras ar líne ó bunaíodh é sa bhliain 2015. Ligeann sé seo le haistriú gan uaim go dtí an "gnáth nua" cianda de bharr srianta na paindéime. Tá rochtain ar líne ar fáil i gcónaí do chláraithe, chláraithe ionchasacha agus d'éinne agus fiosrúcháin á ndéanamh acu. Oibríonn an tAonad um Rialáil Brústocaireachta go cianda leis na tacaíochtaí teicniúla a chuirtear ar fáil don fhoireann chun oibriú éifeachtach an chláir a chumasú, agus tá sé ar fáil i gcónaí trí r-phost agus ar an bhfón chun ceisteanna a fhreagairt.

### Tuairisceáin a bhain le Covid-19 ar an gclár

Sa chéad tréimhse tuairisceáin ó mhí Eanáir go dtí mí Aibreáin na bliana 2020, ba é líon na dtuairisceán ná 3,324. Tháinig méadú suntasach ar an líon na dtuairisceán sa dara agus sa tríú tréimhse tuairisceán na bliana 2020, agus is cosúil go raibh baint aige le fás na stocaireachta mar thoradh ar an bpaindéim:

- Tuairisceáin ó mhí Eanáir go dtí mí Aibreáin na bliana 2020: 3,324
- Tuairisceáin ó mhí Bealtaine go dtí mí Lúnasa na bliana 2020: 3,872
- Tuairisceáin ó mhí Meán Fómhair go dtí mí Nollag na bliana 2020: 4,327

I measc tuairisceáin na bliana 2020, tá tagairt ar leith ag 1,378 ceann acu don phaindéim, iad scaipthe ar fud beagnach gach réimse na mbeartas poiblí. Ba í an tsláinte an réimse lena bhain líon na dtuairisceáin i leith Covid 19 is mó (412) agus, ina dhiaidh, tháinig forbairt eacnamaíoch agus tionscal (330) agus talmhaíocht (105).

Léiríonn scrúdú ar na ceisteanna a bhain leis an bpaindéim sna tuairisceáin raon gníomhaíochtaí brústocaireachta fairsing. Ina measc bhí:

- Tacaíochtaí a bhain le Covid-19, lena n-áirítear Íocaíocht dífhostaíochta na paindéime (ÍDP) agus íocaíochtaí iomarcaíochta;
- Impleachtaí cánacha na n-íocaíochtaí ÍDP;
- Freagraí agus tacaíochtaí fiontar don ghnó;
- Eagraíochtaí spóirt ag iarraidh srianta na díonghlasála a laghdú;
- Iompar na dTreallamh Cosanta Pearsanta (TCP);
- Íocaíochtaí Covid-19 d'iarrthóirí tearmainn;
- Treoir maidir le leanaí ag gabhail isteach in ionaid miondíolacháin;
- Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun ligean do mhargaí a athoscailt; agus
- Dáileadh na vacsaín Covid-19.

Tháinig líon beag cláraithe nua isteach sa chóras mar gheall ar ghníomhaíochtaí stocaireachta a bhain ar leith leis an gCovid-19.

Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara gur léirigh roinnt tuairisceán na hathruithe a tháinig ar bhealach oibre na n daoine - tháinig méadú mór ar líon na dtagairtí ar leith maidir leis an Zúm-chomhdháil sa dara agus sa tríú tréimhse tuairisceáin.

## Ceisteanna comhlíontachta le linn na paindéime

D'oibrigh an clár brústocaireachta go héifeachtúil le linn paindéime an Covid-19. Toisc go n-oibríonn an clár go hiomlán ar líne, is féidir le cláraithe clárú agus tuairisceáin a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí brústocaireachta ó áit ar bith ar domhan. Sna dara dhá thréimhse tuairisceáin na bliana 2020, fuair roinnt cláraithe amach nach raibh siad in ann tuairisceáin a dhéanamh faoin spriocdháta mar gheall ar na dúshláin as bheith ag obair ón mbaile, toisc go raibh na taifid maidir lena gcuid gníomhaíochtaí brústocaireachta suite ag a n-ionaid oibre. Mar sin féin, ba mhionlach beag de na cláraithe iad seo. Lean an móramh mór acu ag déanamh a gcuid tuairisceán faoi na spriocdháta.

## 4.2 Athbhreithniú reachtach nua ar an Acht

Tháinig an t-Acht i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2015 agus, ó shin i leith, rinne an tAire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí athbhreithniú air (sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2019) de réir na bhforálacha athbhreithnithe atá leagtha amach in alt 2 den Acht. Ní dhearnadh aon leasuithe ar an Acht de bhun ceachtar athbhreithnithe.

Áiríodh in aighneacht an Choimisiúin ar athbhreithniú na bliana 2019 22 moladh ar leith maidir le sainmhínithe, oibríochtaí, oibleagáidí iarfhostaíochta, forfheidhmiú agus nithe éagsúla eile a bhain leis an Acht. Ar 25 Feabhra 2020, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a tuarascáil ar an Dara Athbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil. Bhí díomá ar an gCoimisiún nár glacadh le ceann ar bith dá chuid moltaí sa tuarascáil athbhreithnithe.

I mí Meán Fómhair na bliana 2020, d'fhógair an Taoiseach os comhair Dáil Éireann gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar alt 22 den Acht maidir leis na srianta ar iar-fhostaíocht mar brústocaire. Ina dhiaidh sin, d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go leathnófaí an t-athbhreithniú chun staidéar a dhéanamh ar na moltaí a rinne an Coimisiún maidir le hathbhreithnithe roimhe sin a chur san áireamh, chomh maith leis an gceist maidir leis an brústocaireacht á dhéanamh ag daoine ar leith ina gcónaí lasmuigh den Stát agus le ceisteanna a tháinig chun solais le linn díospóireachta faoi dhá Bhille Teachtaí Príobháideacha. Meastar go dtiocfaidh an t-athbhreithniú chun críche le linn na bliana 2021. Leanfaidh an Coimisiún le páirt a ghlacadh de réir mar is gá.

Is féidir aighneacht an Choimisiúin chuig athbhreithniú reachtach na bliana 2019, atá fós mar thuairim reatha an Choimisiúin, a fheiceáil **ar líne**.



# Caibidil a Cúig:

## Moltaí i gComhair Athraithe

# Caibidil a Cúig
## Moltaí i gComhair Athraithe

Tá moltaí déanta ag an gCoimisiún i gcomhair athraithe ar an Acht ina chuid tuarascálacha bliantúla agus mar chuid d'aighneachtaí maidir le athbhreithnithe reachtacha ar an Acht. Tá gach moladh atá fós le réiteach luaite sa tábla thíos.

**Moltaí a bhaineann leis an Acht um Brústocaireacht 2015**

| Moltaí | Blianta ina rinneadh | Uasdáta |
|---|---|---|
| 1. Ba cheart an tAcht a leasú chun a fhoráil go bhfuil aon chomhlachtaí ionadaíocha gnó nó 'comhghuaillíochtaí' leasa gnó, beag beann ar líon nó stádas na bhfostaithe, laistigh de scóip an Achta, áit a mbeadh duine nó roinnt comhaltaí an chomhlachta/na comhghuaillíochta laistigh den scóip amhail is go bhfuil siad ag gníomhú féin. Ba cheart go mbeadh ainmneacha baill an chomhlachta/na comhghuaillíochta ar fáil sna tuairisceáin ar mhaithe le méadú na trédhearcachta. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 2. Ba cheart alt 5(3) den Acht a leasú chun a fhoráil, i gcás ina ndéanfaidh fostaí íoctha nó sealbhóir oifige de chuid na heagraíochta cumarsáid ábhartha thar ceann eagraíochta a thagann laistigh de scóip an Achta. A mheas mar ghníomhaíocht brústocaireachta atá á déanamh ag an eagraíocht. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 3. Ba cheart an tAcht a leasú chun míniú níos cuimsithí a chur ar fáil maidir le fostaí lánaimseartha de réir alta 7. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019 | Tada le tuairisc |

| Moltaí | Blianta ina rinneadh | Uasdáta |
|---|---|---|
| 4. Ba cheart alt 5(1)(c) den Acht a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le cumarsáid ábhartha a bhainistiú agus a threorú i leith forbairt nó criosú talún, i dteannta lena leithéid de chumarsáid a dhéanamh. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 5. Ba cheart forálacha alt 5(1)(c) den Acht a theorannú do dhaoine a bhfuil leas ábhartha acu i leith talamh a fhorbairt nó a chriosú nó a bhfuil baint acu le duine a bhfuil a leithéid de leas aige nó a dhéanann cumarsáid thar a cheann. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 6. Ba cheart an tAcht a leasú chun cumarsáid a dhéanann páirtithe polaitiúla lena gcomhaltaí OPA a dhíolmhú ina gcáil mar bhaill den pháirtí. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 7. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an gcumarsáid díolmhaithe atá luaite ag alt 7 den Acht maidir le idirbheartaíocht ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta a dhéanann ionadaithe ó chomhlachtaí ionadaíocha fostaithe eile. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascáil bhliantúil 2019 | Tada le tuairisc |
| 8. Ba cheart alt 11(1)(b) den Acht a leasú chun seoladh ina ndéanann duine gnó nó a 'phríomhghníomhaíochtaí' a chur ar fail. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |

| Moltaí | Blianta ina rinneadh | Uasdáta |
|---|---|---|
| 9. Ba cheart na focail 'go buan' a bhaint as alt 11(4) den Acht. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascáil bhliantúil 2019 | Tada le tuairisc |
| 10. Ba cheart go n-áireofaí in alt 16 den Acht riachtanas ar leith ar an gCoimisiún aon chód iompair a fhoilseofar faoi alt 16 den Acht a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 11. Ba cheart an tAcht a leasú chun údarás a thabhairt don Choimisiún fiosrúcháin a dhéanamh maidir le sáruithe ar an gCód agus thuairisc a dhéanamh ina leith. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 12. Má theipeann ar éinne alt 22 den Acht a chomhlíonadh (maidir le hiarratas ar chead, más gá, nó maidir le cinneadh an Choimisiúin i leith iarratais ar chead a chomhlíonadh) ba cheart á mheas mar shárú ábhartha faoi alt 18 den Acht agus mar chion faoi alt 20 den Acht. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 13. Ba cheart d'fhostóirí OPAnna lena mbaineann a chinntiú go bhfuil na OPAnna ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí iarfhostaíochta agus iad ag pleanáil éirí as an bpost, agus go bhféadfaidh siad comhairle a lorg ón gCoimisiún de réir mar is gá. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017 | Tada le tuairisc |

| Moltaí | Blianta ina rinneadh | Uasdáta |
|---|---|---|
| 14. Ba cheart an tAcht a leasú chun scóip alta 22 a leathnú chun comhlachtaí poiblí agus OPAnna a chur san áireamh a bhféadfadh baint, tionchar nó teagmhálacha suntasacha a bheith ag éinne leo. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017 | Tada le tuairisc |
| 15. Ba cheart an tAcht a leasú chun ligean don Choimisiún sonraí áirithe a fhoilsiú maidir lena chinntí a mbaineann le tréimhse an tsuaimhnis faoi alt 22 den Acht a scaoileadh nó a laghdú. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017 | Tada le tuairisc |
| 16. Ba cheart clásal frithsheachanta a chur le liosta na sáruithe ábhartha in alt 18 den Acht. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017 | Tada le tuairisc |
| 17. Ba cheart go gceadófaí don Choimisiún na sonraí achoimre i leith imscrúduithe faoi alt 19 den Acht a fhoilsiú. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 18. Ba cheart an tAcht a leasú chun an dualgas a chur ar OPAnna tuilleadh cumarsáide le daoine a dhiúltú más eol dóibh gur theip ar na daoine seo a gcuid gníomhaíochtaí stocaireachta go dtí sin a chlárú faoin dáta ábhartha. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |

| Moltaí | Blianta ina rinneadh | Uasdáta |
|---|---|---|
| 19. Ba cheart an tAcht a leasú chun údarás a thabhairt don Choimisiún maidir le ordú a thabairt do OPA gan tuilleadh déileáil a dhéanamh le duine a ciontaíodh i sárú ábhartha. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 20. Ba cheart an tAcht a leasú chun údarás a thabhairt don Choimisiún chun sáruithe ar na forálacha a leagtar amach i moltaí 18 agus 19 thuas a scrúdú. | Athbhreithnithe Reachtúla 2016, 2019<br><br>Tuarascálacha bliantúla 2019, 2018, 2017, 2016 | Tada le tuairisc |
| 21. Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais faoi stiúir na Roinne chun comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas faoin gcumarsáid dhíolmhaithe faoi alt 5(5)(n) den Acht agus faoi riachtanais Cód na Trédhearcachta. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascáil bhliantúil 2019 | Tada le tuairisc |
| 22. Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais faoi stiúir na Roinne chun gníomhaireachtaí stáit ábhartha a chur ar an eolas faoin gcumarsáid dhíolmhaithe faoi alt 5(5)(m) den Acht agus na cúinsí ina bhfuil feidhm aige. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascáil bhliantúil 2019 | Tada le tuairisc |
| 23. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar alt 22 chun ligean don Choimisiún srianta a chur ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann le réimsí feidhmíochta comhlachtaí seirbhíse poiblí eile nó le OPAnna ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile nach bhfuil aon 'ceangail' ag an iarratasóir leo. | Athbhreithniú Reachtúil 2019<br><br>Tuarascáil bhliantúil 2019 | Tada le tuairisc |




# Aguisín:


## Staitisticí

# **Aguisín:**
# Staitisticí

### Figiúr 1 – Cláraithe nua na mblianta 2015-2020




## Figiúr 2 – Líon glan* na gcláraithe ag deireadh na bliana 2015-2020





**Ní cuirtear san áireamh na cláraithe siúd a scriosadh ina dhiaidh sin*


## Figiúr 3 – Tuairisceáin brústocaireachta a bhfuarthas, de réir tréimhse tuairiscithe




## Figiúr 4 – Na Cúig Ní Beartais Phoiblí is mó a ndearnadh Brústocaireacht sa bhliain 2020




## Figiúr 5 – Brústocairí cláraithe ag deireadh na blaina 2020, de réir na príomhghníomhaíochta gnó



## Figiúr 6 - Suíomh réigiúnach na gcláraithe ag deireadh na bliana 2020

An Bhreatain Mhór: 68
An Chuid eile den Eoraip: 20
An Chuid eile den Domhan: 10

**Iomlán: 2085**



## Figiúr 7 - Iarratais chun tréimhse suaimhnis na fostaíochta iar-phoiblí a scaoileadh/a laghdú, sna blianta 2015 go dtí 2020

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Airí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Airí Sáit | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Comhairleoirí Aireachta | 0 | 1 | 3 | 2 | 2 | 8 |
| Seirbhísigh phoiblí fhorordaithe | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **2** | **5** | **2** | **2** | **8** |